



An tUachtarán

An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2018
PCAB/TW/BK/RS (2018) D2245

Chuig comhaltaí Choiste Eorpach na Réigiún

Rannpháirtíocht i dtreoirthionscadal le haghaidh Líonra de *Hubanna Réigiúnacha* (pointí teagmhála) um chur chun feidhme bheartais an Aontais Eorpaigh a mheasúnú (RegHub)

A chomhalta dhil,

Ba bhreá linn tionscadal a chur faoi do bhráid ar dócha gur díol mór spéise dod' réigiún¹ é, a ceapadh chun dlí an Aontais Eorpaigh a fheabhsú agus a thabhairt níos gaire do na saoránaigh.

Ón uair a bunaíodh é in 1994, is é príomhaidhm Choiste Eorpach na Réigiún ná, go nglacfadh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha níos mó páirt i gceapadh agus i gcur chun feidhme dhlí an Aontais. Mar sin féin, le blianta fada anuas, bhí sé deacair aiseolas a fháil ó na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i dtaca lena dtaithí phearsanta ar chur chun feidhme dhlí an Aontais. Go nuige seo, níl aon chóras i bhfeidhm san Aontas Eorpach chun sonraí a bhailiú ar bhealach tráthúil comhleanúnach, ó údaráis áitiúla agus réigiúnacha ar an gcur chun feidhme seo le haghaidh ullmhú reachtaíochta.

Ar an ábhar sin, tá treoirthionscadal á chur ar bun ag an gCoiste, atá comhdhéanta de Líonra de *hubanna réigiúnacha* um chur chun feidhme bheartais an Aontais Eorpaigh a mheasúnú, rud ar ghlac Tascfhórsa Coimhdeachta Uachtarán Juncker leis mar mholadh, mar chuid lárnach de bhealach nua chun dul i mbun reachtóireacht an Aontais Eorpaigh. Leis an treoirthionscadal bainfear leas as an obair atá idir lámha cheana ag an Líonra um Fhaireachán ar an gCoimhdeacht agus treiseofar í.

Táthar ag súil go ndéanfaidh an líonra an méid seo a leanas:

- aiseolas a chur ar fáil ar chur chun feidhme reachtaíocht an Aontais Eorpaigh ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal réigiúnach;
- rannpháirtíocht níos fearr na ngníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha a chinntiú ag céim luath i bpróiseas reachtach an Aontais;

¹ Ba cheart an téarma "réigiún" a thuiscint sa chiall is leithne mar aon údarás críochach faoi bhun leibhéal Ballstáit a chuireann beartais an Aontais Eorpaigh chun feidhme. Féadfar a áireamh léi pobail, ranna, Länder, cúigí, contaetha, limistéir uirbeacha, mórchathracha nó grúpaí cathracha beaga, údaráis áitiúla mhóra nó grúpaí údarás beag, críocha trasteorann amháil agus GECCanna (Grúpálacha Eorpacha um Chomhar Críochach) agus Euro-réigiúin.

- cur leis an mbéim atá ar fheabhsú reachtaíocht AE atá ann cheana agus ar a cur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach; agus
- simpliú agus foghlaim idir-réigiúnacha a chur chun cinn maidir le cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais agus tuilleadh forbartha uirthi.

Tá cuireadh tugtha ag Coiste Eorpach na Réigiún anois, do suas le 20 réigiún san Eoraip teacht isteach sa Líonra le linn na treoirthréimhse dhá bhliain.

D'fhonn páirt a ghlacadh sa treoirthionscadal seo, éileofar ort baill foirne iomchuí, oiriúnacha agus a bhfuil taithí acu a cheapadh as d'fhoireann riaracháin, daoine ag a mbeadh an t-údarás agus an sainordú an méid seo a leanas a dhéanamh:

- gníomhú mar phointe teagmhála le haghaidh institiúidí ábhartha agus eagraíochtaí ábhartha atá rannpháirteach i gcur chun feidhme dhlí an Aontais, agus
- aiseolas ábhartha a chur ar fáil don Choiste maidir le cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal réigiúnach.

Ar bhonn iarrataí ó institiúidí Eorpacha éagsúla, rachfar i dteagmháil le gach *hub* suas le 3 huaire sa bhliain chun go dtabharfaidís a dtaithí réigiúnach féin ar chur chun feidhme beartais an Aontais Eorpaigh i gceantar áirithe. Dhéanfadh comhordaitheoirí Líonra an Choiste an t-aiseolas sin a thiomsú agus thabharfaí é d'institiúidí an Aontais Eorpaigh agus do gheallsealbhóirí réigiúnacha agus áitiúla éagsúla.

Le linn na treoirthréimhse, cuirfimid de shrian orainn féin gan déileáil ach le roinnt bheag ábhar roghnaithe (cuir i gcás, soláthar poiblí, athrú aeráide, beartas comhshaoil, beartas comhtháthaithe), ábhair a gcomhaontóidh an Coiste agus na réigiúin rannpháirteacha orthu.

Ag brath ar mheastóireacht rathúil ar a chuid oibríochtaí agus a chuid torthaí tar éis 2 bhliain, ba cheart an líonra a leathnú go dtí údaráis réigiúnacha agus áitiúla ar fud na mBallstát uile, bunaithe ar chómhaoiniú méadaithe a sholáthródh an tAontas Eorpach.

Is é Coiste Eorpach na Réigiún a chomhordóidh an treoirthionscadal sa Bhruiséil. Tabharfar cuireadh do na réigiúin rannpháirteacha chuig ceardlann tosaigh, a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh sí ar súil sa Bhruiséil roimh dheireadh Eanáir 2019.

Más maith le do réigiún iarratas a chur isteach, líon isteach an fhoirm roimh mheán oíche, Dé hAoine an 30 Samhain 2018 ag <https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/CoRNetworkofRegionalHubs> (roghnaigh do theanga ó mbosca anuas ar thaobh dheis an leathanaigh)

Más rud é go bhfuil spéis ag níos mó ná 20 réigiún bheith rannpháirteach ann, roghnóimid réigiúin is iarrthóirí trí leordhóthanach an iarratais agus an chothromaíocht gheografach a chur san áireamh.


Ná bíodh aon leisce ort dul i dteagmháil le comhordaitheoir an tionscadail ag an gCoiste, an tUasal Rainer Steffens (RegHub@cor.europa.eu), má tá ceist ar bith agat.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag <https://cor.europa.eu/en/engage/Pages/network-regional-hubs-implementation-assessment.aspx>

Le dea-mhéin,



Karl-Heinz Lambertz
Uachtarán Choiste Eorpach na Réigiún



Michael Schneider
Cathaoirleach, Lónra um Fhaireachán ar an
gCoimhdeacht